**Achomharc arna thabhairt an 25 Lúnasa 2022 ag Unite the Union i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Tríú Dlísheomra) a fógraíodh an 22 Meitheamh 2022 i gCás T-739/20, Unite the Union v EUIPO – WWRD Ireland (WATERFORD)**

**(Cás C-571/22 P)**

(2023/C 24/27)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Unite the Union (ionadaithe: B. O'Connor, avocat, M. Hommé, avocat)

*Pairtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), WWRD Ireland IPCO LLC

Le hordú an 05 Nollaig 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh an Chúirt do Unite the Union a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 31 Lúnasa 2022 ag Munich, S.L. i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 22 Meitheamh 2022 i gCás T-502/20, Munich v EUIPO – Tone Watch (MUNICH10A.T.M.)**

**(Cás C-577/22 P)**

(2023/C 24/28)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Munich, S.L. (ionadaithe: J. Güell Serra, M. del Mar Guix Vilanova, Abogados)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO), Tone Watch, S. L.

Le hordú an 29 Samhain 2022, chinn an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh do Munich, S. L. a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 16 Meán Fómhair 2022 ag an gCoimisiún Eorpach i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a tugadh an 6 Iúil 2022 i gCás T-408/21, HB v an Coimisiún Eorpach**

**(Cás C-597/22 P)**

(2023/C 24/29)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* An Coimisiún Eorpach (ionadaithe: J. Baquero Cruz, J. Estrada de Solà agus B. Araujo Arce, Gníomhairí)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* HB (ionadaí: L. Levi, Dlíodóir)

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— breithiúnas Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 6 Iúil 2022 a chur ar neamhní i gCás T-408/21, HB v an Coimisiún, a mhéid a chuireann sí Cinntí C(2021) 3339 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 agus C(2021) 3340 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 ar neamhní;

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta chun rialú a thabhairt ar tuillteanais na caingne le haghaidh neamhniú;

— a ordú do HB na costais a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Chun tacú lena achomharc, tá an Coimisiún ag brath ar shaincheist amháin le haghaidh neamhniú lena n-éilítear earráid dlí.

De réir an Choimisiúin, chinn an Chúirt Ghinearálta go hearráideach gur de chineál conarthach iad Cinntí C(2019) 7318 final agus C(2019) 7319.

Dá bhrí sin, folaíonn aicmiú mícheart chineál conarthach an dá éileamh sin, i gcomhréir le cásdlí ADR (C-584/17), neamhniú éagórach na gCinntí C(2021) 3339 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 agus C(2021) 3340 final ón gCoimisiún an 5 Bealtaine 2021 , atá ina n-ábhar don achomharc seo.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Sąd Rejonowy w Słupsku (an Pholainn) a taisceadh an 19 Meán Fómhair 2022 — Imeachtaí coiriúla i gcoinne M.S., J.W. agus M.P.**

**(Cás C-603/22)**

(2023/C 24/30)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Sąd Rejonowy w Słupsku

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

M.S., J.W., M.P., Prokurator Rejonowy w Słupsku, D.G.— riarthóir a ceapadh chun gníomhú ar son M.B. agus B. B.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1) An bhfuil Airteagail 6(1), (2),(3)a agus (7) agus 18, arna léamh i gcomhar le haithrisí 25, 26 agus 27 de Threoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coimircí nóis imeachta do leanaí a bhfuil [droch]amhras fúthu nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla [1] le léiriú ar chaoi gurb amhlaidh ón nóiméad a chúisítear duine atá faoi dhrochamhras nach bhfuil 18 bliain slánaithe aige, go gceanglaítear ar na húdaráis atá i mbun imeachtaí a ráthú go bhfuil an ceart ag an leanbh chun cúnamh dlí más rud é nach bhfuil dlíodóir cosanta dá rogha féin aige (mar gheall nach ndearna an leanbh nó sealbhóir na freagrachta tuismitheora cúnamh den sórt sin a sholáthar as a stuaim féin) agus a ráthú go mbeadh dlíodóir rannpháirteach i ngníomhaíochtaí réamhthrialach ar nós ceistiú an duine mhionaoisigh, agus ar chaoi go gcuirtear cosc leo ar stiúradh an cheistithe sin in éagmais dlíodóra cosanta?

2) An bhfuil Airteagal 6(6) agus (8), arna léamh i gcomhar le haithrisí 16, 30, 31 agus 32 de Threoir (AE) 2016/800 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le coimircí nóis imeachta do leanaí a bhfuil [droch]amhras fúthu nó ar cosantóirí iad in imeachtaí coiriúla le léiriú ar chaoi nach ceadmhach tarscaoileadh cúnaimh dlíodóra gan moill mhíchuí ar aon chor i gcásanna lena mbaineann cionta coiriúla inar féidir téarma príosúnachta a bheith mar phionós orthu, agus nach bhféadfadh maolú sealadach ar chur i bhfeidhm an chirt chun cúnamh a fháil ó dhlíodóir de réir bhrí Airteagal 6(8) den Treoir a dhéanamh ach amháin sa chéim réamhthrialach agus i gcás na n-imthosca a liostaítear go cruinn in Airteagal 6(8)(a) agus (b) amháin, nach mór a lua go sainráite sa chinneadh, ar féidir agóid a dhéanamh ina choinne i bprionsabal, chun dul ar aghaidh leis an gceistiú in éagmais dlíodóra?